



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 3.30

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

TREORACHA

- Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**
- Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
Iomlán (80 marc)
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**
- Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh	
2. Móriomlán na gceisteanna nár ceadaíodh	
3. An marc a bronnadh (1 lúide 2)	
4. Bónas as freagairt i nGaeilge	
5. An marc iomlán	

	Marc	
An Scrúdpháipéar		
An Tionscadal Gníomhaíochta		
Iomlán		
Grád		

DON SCRÚDAITHEOIR		
	Ceist	Marc
Roinn 1	C1	
	C2	
	C3	
Roinn 2	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
Roinn 3	C1	
	C2	
	C3	
	C4	
IOMLÁN		
Bónas don Ghaeilge		
MÓRIOMLÁN		

ROINN 1

Freagair GACH ceist sa roinn seo.

1. Grianghraif iad seo a leanas de cheithre fhoirgneamh thábhachtacha in Éirinn. Tá liosta dá n-ainmneacha tugtha duit thíos.

Sa spás atá ar fáil, meaitseáil ainm gach foirgnimh leis an ngrianghraf ceart.

Níl sé ceadaithe aon ainm a úsáid ach **AON UAIR AMHÁIN**.

**Ainmneacha: Áras an Uachtaráin
Teach Laighean**

**An Banc Ceannais
Na Ceithre Chúirt**



(a) _____



(b) _____



(c) _____



(d) _____

(8 marc)

2. Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

- (a) Is é a thugtar ar bhall den rialtas áitiúil ná C_____.
- (b) In Éirinn, toghtar an tUachtarán uair gach s_____ mbliana.
- (c) Nuair a thagann dhá pháirtí pholaitiúla le chéile chun rialtas a dhéanamh, tugtar c_____ air.
- (d) Tagann Tionól Thuaisceart Éireann le chéile i gC_____ S_____.
- (e) Is é Phil Hogan C_____ Eorpach na hÉireann.
- (f) Eagraíocht dhomhanda í A_____ I_____ a théann i mbun feachtais i gcoinne leatrom ar chearta an duine.
- (g) I gcásanna dlí áirithe, suíonn 12 shaoránach ar g_____ chun breith a thabhairt ar cé acu ciontach nó neamhchiontach atá duine.

(7 marc)

3. Tugtar ainmneacha ceithre eagraíocht thíos agus cur síos ar an obair a dhéanann siad. Meaitseáil gach eagraíocht leis an gcur síos ar an obair a dhéanann an eagraíocht sin agus an litir A, B, C nó D á cur agat in aice leis an gcur síos.

Tá an chéad cheann déanta duit mar shampla.

Eagraíochtaí

A Fáilte Éireann



B ISPCC



C Focus Ireland



D Cúnamh Éireann



Litir	Cur Síos ar an Eagraíocht
	Oibríonn le daoine gan dídean in Éirinn
A	Cuireann Éire chun cinn mar áit saoire do thurasóirí
	Bainistíonn clár thar lear na hÉireann chun bochtaineacht agus ocras a laghdú
	Cuireann tuiscint níos fearr ar riachtanais leanaí chun cinn

(3 mharc)

ROINN 2
Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna
uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.

Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.

1. CÉIMEANNA I dTREO SAOL NÍOS GLAISE

Scrúdaigh *Céimeanna i dtreo Saol níos Glaise* – póstaer do Roinn 2, Ceist 1, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bpóstaer seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cad a mholtar ar an bpóstaer a dhéanamh chun níos lú pacáistíochta a úsáid?

Cén roinn de chuid Rialtas na hÉireann a bhí ag tacú leis an bpóstaer seo?

Cén eagraíocht a rinne an póstaer seo agus conas a dhéanfa teagmháil leo?

(3 mharc)

- (b) Cad iad na **TRÍ** shlí inar féidir le daoine níos lú uisce a úsáid, de réir an phóstaer seo?

An Chéad slí: _____

An Dara slí: _____

An Tríú slí: _____

(3 mharc)

- (c) Moltar ar an bpóstaer ‘DO CHUID FÉIN A FHÁS.’ Cad is brí leis seo?

(1 mharc)

- (d) Tá an t-uisce ina chuid an-tábhachtach den timpeallacht. Tá plean ar bun chun táillí uisce a ghearradh ar dhaoine in Éirinn. Tabhair argóint mhion **AMHÁIN** ar son táillí uisce a ghearradh agus argóint mhion **AMHÁIN** ina choinne.

Argóint AMHÁIN ar a shon: _____

Argóint AMHÁIN ina choinne: _____

(4 mharc)

- (e) Is féidir le daoine atá ina gcónaí i ndaonlathas a dtuairimí a chur in iúl nuair a mholtar forbairtí nua ar nós táillí uisce a ghearradh. Mínigh **TRÍ** shlí inar féidir le daoine dul i mbun feachtais go síochánta chun a dtuairimí a chur in iúl.

1. _____

2. _____

3. _____

(3 mharc)

2. DUAIS NOBEL NA SÍOCHÁNA BUAITE AG MALALA YOUSAFZAI

Scrúdaigh *Duais Nobel na Síochána Buaite ag Malala Yousafzai* – alt nuachtáin do Roinn 2, Ceist 2, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an alt nuachtáin seo, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) (i) Cad as do Malala agus (ii) cá raibh sí nuair a chuala sí gur bhuaigh sí Duais Nobel na Síochána?

(i) _____ (ii) _____

Cén aois a bhí ag Malala nuair a bhuaigh sí Duais Nobel na Síochána?

Céard ba chúis leis an Talaban a bheith ag díriú ar Malala?

(3 mharc)

- (b) Cé air a roinneadh Duais Nobel na Síochána i bpáirt le Malala?

(1 mharc)

- (c) Cén fáth a mbeartódh Malala ar bheith ina polaiteoir seachas ina dochtúir?

Conas a bhraith muintir bhaile dúchais Malala mar gheall ar an duais a bhuaigh sí?

(3 mharc)

- (d) In 2000, dhréachtaigh na Náisiúin Aontaithe pleananna forbartha don domhan ar a dtugtar Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Bhí sé ar cheann de na spriocanna sin bunoidéachas a chur ar fáil do gach páiste ar domhan. Is é an spriocdháta chun na spriocanna seo a bhaint amach ná 2015.

Ainmnigh gníomhaíocht a d'fhéadfadh **DO RANG OSSP** a dhéanamh chun aird a tharraingt ar an spriocdháta seo agus déan cur síos ar an ngníomhaíocht sin.

Ainm na gníomhaíochta: _____

Cur síos: _____

(4 mharc)

- (e) Dúirt Malala: 'Nuair a bhíonn an domhan ar fad ina thost, bíonn cumhacht ag an nguth aonair.' Míinigh cad atá i gceist ag Malala leis an ráiteas seo.

(3 mharc)

3. NA NÁISIÚIN AONTAITHE AG COIMEÁD NA SÍOCHÁNA

Scrúdaigh *Na Náisiúin Aontaithe ag Coimeád na Síochána* – grafaic faisnéise do Roinn 2, Ceist 3, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an ngrafaic faisnéise seo, freagair na ceistanna thíos.

- (a) Cén sórt tacaíochta a thugann na 193 ballstát do na Náisiúin Aontaithe agus iad ag coimeád na síochána?

De réir na grafaice faisnéise, cé mhéad ball pearsanra atá ar an machaire ag fórsaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe?

Ainmnigh comhpháirtí idirnáisiúnta amháin atá ag fórsaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe.

(3 mharc)

- (b) Ainmnigh **DHÁ** rud san oibríocht lóistíochta dhomhanda ag na Náisiún Aontaithe agus iad ag coimeád na síochána.

(i) _____

(ii) _____

(2 mharc)

- (c) De réir na grafaice faisnéise seo, cá bhfuil an dara misean is mó ag fórsaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe?

Cé mhéad duine atá sna pobail áitiúla a bhfuil fórsaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe ag freastal orthu?

(2 mharc)

- (d) Tabhair cúis **AMHÁIN** a bhfuil sé tábhachtach go gcuirfeadh Éire trúpaí ar mhisin choimeádta síochána.

Cúis: _____

(3 mharc)

- (e) I ndomhan an lae inniu, coimeádann na meáin chumarsáide ar an eolas muid faoi imeachtaí i dtíortha atá scriosta ag an gcogaíocht. Tabhair gné **DHEARFACH** (maith) amháin agus gné **DHIÚLTACH** (olc) amháin den sórt seo tuairisceoireachta sna meáin chumarsáide.

Gné dhearfach: _____

Gné dhiúltach: _____

(4 mharc)

4. TORTHAÍ THOGHCÁN NA hEORPA

Scrúdaigh *Torthaí Thoghchán na hEorpa* – bileog na dtorthaí do Roinn 2, Ceist 4, priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).

Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar bhileog seo na dtorthaí, freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cé mhéad suíochán a bhí i mBaile Átha Cliath sa toghchán seo agus cé mhéad iarrthóir a ghlac páirt sa toghchán?

Suíocháin: _____ Iarrthóirí: _____

Cé mhéad comhaireamh a ghlac sé chun gach suíochán a líonadh sa toghchán seo?

Ainmnigh duine amháin a cuireadh as an áireamh sa toghchán seo.

(3 mharc)

- (b) Cén cuóta a bhí ann sa toghchán seo, de réir bhileog na dtorthaí?

Ainmnigh duine amháin sa toghchán seo a toghadh ina bhall de Pharlaimint na hEorpa sa toghcheantar seo.

(2 mharc)

- (c) Cén céatadán de na vótaí a milleadh sa toghchán seo?

Cén suíomh gréasáin a chuir bileog seo na dtorthaí ar fáil?

(2 mharc)

- (d) Ainmnigh agus mínigh slí **AMHÁIN** a bhféadfadh rialtas na hÉireann dul i mbun feachtais chun gur fearr a thuigfeadh saoránaigh na hÉireann gur saoránaigh de chuid na hEorpa iad chomh maith. Tabhair sluán oiriúnach don fheachtas seo.

Slí amháin: _____

Sluán: _____

(4 mharc)

- (e) Ainmnigh **TRÍ** thaca a bheadh de dhíth ar dhaoine óga 16 agus 17 mbliana d'aois chun vóta a chaitheamh go freagrach i dtoghcháin dá dtabharfaí ceart vótála dóibh.

1. _____

2. _____

3. _____

(3 mharc)

ROINN 3

Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt,
iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é, le do thoil.

1. Oilimpicí Speisialta Éireann



Eagraíocht spóirt í Oilimpicí Speisialta Éireann do dhaoine le míchumas intleachta. Is eagraíocht í freisin a chuireann béim ar spraoi, ar chairdeas agus ar spiorad na foirne. Forbraíonn lúthchleasaithe ar mhórán slite trí mheán an spóirt, déanann siad cairde nua, baineann siad amach a gcuid aislingí, agus tuigeann siad go bhfuil áit ann dóibh.

- (a) Tá sé beartaithe ag do rang OSSP oíche eolais a eagrú do dhaoine sa phobal áitiúil agat féin chun feasacht ar an obair a dhéanann Oilimpicí Speisialta Éireann a mhúscailt. Ainmnigh **CEITHRE** choiste a bheadh ag teastáil chun an ócáid seo a eagrú agus mínigh an obair a dhéanfadh na coistí seo. (8 marc)
- (b) Dear póstaer ina dtugtar cuireadh do dhaoine freastal ar an oíche eolais. Ba chóir **TRÍ** phíosa eolais mar gheall ar an ócáid seo a bheith san áireamh ar an bpóstaer. (6 mharc)
(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.)
- (c) Tá Oilimpicí Speisialta Éireann ag brath ar dhaoine a oibríonn go deonach leo. Scríobh óráid ar na fáthanna a bhfuil tábhacht ag baint le hobair dheonach agus tabhair **DHÁ** chúis ar chóir do dhaoine iarracht a dhéanamh a bheith páirteach le hOilimpicí Speisialta Éireann. (6 mharc)

2. An tOmbudsman do Leanaí



Cuireann an tOmbudsman do Leanaí cearta leanaí chun cinn agus cosnaíonn sé/sí na cearta seo. Ceapadh Ombudsman nua le déanaí – an Dr Niall Muldoon.

- (a) Scríobh litir chomhghairdis chuig an Ombudsman nua, an Dr Niall Muldoon, agus sa litir sin tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Ombudsman do Leanaí ann. (6 mharc)
- (b) Bhí leanaí agus daoine óga (faoi 18 mbliana d'aois) ar phainéal an agallaimh nuair a bhí an tOmbudsman nua á roghnú. Tabhair **CEITHRE** chúis a raibh sé tábhachtach go mbeadh leanaí agus daoine óga páirteach sa phróiseas seo. (8 marc)
- (c) Tá sé de cheart ag leanaí go gcuirfí oideachas orthu mar gheall ar na cearta atá acu. Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** ghníomhaíocht a d'fhéadfá a mholadh don Ombudsman a chabhródh lena chinntiú go mbeadh oideachas ar leanaí, agus eolas níos fearr acu, mar gheall ar na cearta atá acu. (6 mharc)

3. An Garda Síochána



Tá do rang OSSP tar éis staidéar a dhéanamh ar choincheap an dlí. Tá sé beartaithe ag do rang turas a eagrú go Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

- (a) Is é an tasc atá agatsa sa Tionscadal Gníomhaíochta seo ná litir a scríobh abhaile chuig tuismitheoirí/caomhnóirí chun iad a chur ar an eolas faoin turas agus chun a gcead a fháil. Ba chóir duit **DHÁ** chúis dhea-fhorbartha a lua a bhfuil baint ag an turas seo le OSSP. (6 mharc)
- (b) Scríobh **SÉ** cheist a chuirfeá agus tú i gColáiste an Gharda Síochána. Ba chóir go gcuirfeadh na ceisteanna seo le do thuiscint ar an dlí in Éirinn. (6 mharc)
- (c) Dear póstaer chun breis daoine a spreagadh le hiarratas a dhéanamh ar dhul isteach sa Gharda Síochána. Ba chóir go mbeadh **TRÍ** phíosa eolais mar gheall ar ról an Gharda Síochána san áireamh agat agus **SLUÁN** oiriúnach a spreagfadh daoine le dul sna Gardaí. (8 marc)

(Tá leathanach bán i gcúl an fhreagarleabhair seo don phóstaer.)

4. Gorta



Bunaíodh Gorta i 1965 agus tá sé ar an ngníomhaireacht fhorbartha is sine in Éirinn. Is í an aidhm atá ag Gorta ná cabhrú le daoine - san Afraic den chuid is mó - cabhrú leo féin deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht.

Tá sé beartaithe ag do phobal áitiúil gur mhaith leo tacú le hobair Ghorta.

- (a) Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** ghníomhaíocht tiomsaithe airgid a d'fhéadfadh an pobal áitiúil a eagrú chun tacú le Gorta. (6 mharc)
- (b) Tá sé léirithe nach leor airgead a thabhairt do thíortha atá i mbéal forbartha chun deireadh a chur le hocras agus le bochtaineacht sa domhan. Ainmnigh agus mínigh **TRÍ** chúis a gcuireann eagraíochtaí mar Ghorta an t-oideachas agus an oiliúint chun cinn ina ionad sin. (6 mharc)
- (c) Scríobh tvuí a phostálfá ar Twitter chun daoine a **SPREAGADH** le páirt a ghlacadh san fheachtas atá ar bun ag do phobal áitiúil chun tacú le hobair Ghorta.

Ní féidir níos mó ná 140 carachtar a bheith i dtvuít. Úsáid an bosca thíos chun do thvuít a scríobh. (8 marc)

Chun an cheist ar an bPÓSTAER [C1 (b) nó C3 (c)] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.